2025/2142

22.10.2025

CINNEADH (AE) 2025/2142 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2025

maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar thríú tráthchuid le haghaidh 2025

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh cúnaimh airgeadais do na Tíortha agus Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo ([1]) ('an Comhaontú Inmheánach'), agus go háirithe Airteagal 7(2) i gcomhar le hAirteagal 14(3), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323 ([2]), agus go háirithe Airteagal 19(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear an treoir ranníoca le haghaidh gach páirtí sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) le hAirteagal 1 den Chomhaontú Inmheánach.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) le meastacháin nuashonraithe ar ghealltanais agus íocaíochtaí faoi na hionstraimí a bhainistíonn sé a sheoladh chuig an gCoimisiún.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Coimisiún le togra a chur i láthair faoin 10 Deireadh Fómhair 2025 lena leagfar amach méid an tríú tráthchuid den ranníocaíocht le haghaidh 2025.

(4) De bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1877, le glaonna ar ranníocaíochtaí, ídeofar ar dtús na méideanna a leagtar amach le haghaidh CEFanna a bhí ann roimhe seo. Dá bhrí sin, ba cheart glao ar ranníocaíochtaí de bhun Rialachán (AE) 2018/1877, le haghaidh an Choimisiúin agus le haghaidh BEI a dhéanamh.

(5) Le Cinneadh (AE) 2024/2906 ón gComhairle ([3]), socraítear méid bliantúil na ranníocaíochta atá le híoc ag na páirtithe in CEF le haghaidh 2025 ag EUR 800 000 000 i gcás an Choimisiúin agus ag EUR 9 000 000 i gcás BEI. Ghlaoigh BEI a sciar uile den 11ú CEF leis an gcéad tráthchuid de 2025.

(6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart dó a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, socraítear méid na ranníocaíochtaí atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) mar thríú tráthchuid le haghaidh 2025 ag EUR 200 000 000 i gcás an Choimisiúin.

Airteagal 2

Déanfaidh na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta ranníocaíochtaí aonair an Chiste Eorpaigh Forbraíochta a íoc leis an gCoimisiún mar an tríú tráthchuid le haghaidh 2025, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

([1]) IO L 210, 6.8.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_eums/2013/806/oj.
([2]) IO L 307, 3.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1877/oj.
([3]) Cinneadh (AE) 2024/2906 ón gComhairle an 14 Samhain 2024 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena sonraítear an uasteorainn le haghaidh 2026, an méid bliantúil le haghaidh 2025, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2025 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2027 agus 2028 (IO L, 2024/2906, 19.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2906/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE

IARSCRÍBHINN

An tríú tráthchuid de ranníocaíochtaí CEF le haghaidh 2025 (EUR) leis an gCoimisiún (*)

NA BALLSTÁIT & RA	Treoir 11ú CEF %	Tríú tráthchuid 2025 (EUR)
AN BHEILG	3,24927	6 498 540
AN BHULGÁIR	0,21853	437 060
AN tSEICIA	0,79745	1 594 900
AN DANMHAIRG	1,98045	3 960 900
AN GHEARMÁIN	20,57980	41 159 600
AN EASTÓIN	0,08635	172 700
ÉIRE	0,94006	1 880 120
AN GHRÉIG	1,50735	3 014 700
AN SPÁINN	7,93248	15 864 960
AN FHRAINC	17,81269	35 625 380
AN CHRÓIT	0,22518	450 360
AN IODÁIL	12,53009	25 060 180
AN CHIPIR	0,11162	223 240
AN LAITVIA	0,11612	232 240
AN LIOTUÁIN	0,18077	361 540
LUCSAMBURG	0,25509	510 180
AN UNGÁIR	0,61456	1 229 120
MÁLTA	0,03801	76 020
AN ÍSILTÍR	4,77678	9 553 560
AN OSTAIR	2,39757	4 795 140
AN PHOLAINN	2,00734	4 014 680
AN PHORTAINGÉIL	1,19679	2 393 580
AN RÓMÁIN	0,71815	1 436 300
AN tSLÓIVÉIN	0,22452	449 040

(*) Ghlaoigh BEI a sciar uile den 11ú CEF leis an gcéad tráthchuid de 2025.

NA BALLSTÁIT & RA	Treoir 11ú CEF %	Tríú tráthchuid 2025 (EUR)
AN tSLÓVAIC	0,37616	752 320
AN FHIONLAINN	1,50909	3 018 180
AN tSUALAINN	2,93911	5 878 220
AN RÍOCHT AONTAITHE	14,67862	29 357 240
IOMLÁN AE-27 & RA	100,00	200 000 000